

ELeathanach256

Dé Luain 6 Márta 2017

Is breá le hEd Sheeran Éire!

Is amhránaí cáiliúil é Ed Sheeran. Is giotáraí é freisin. Rugadh é i Sasana ach tá cúlra Éireannach aige ar thaobh a athar. Tá sé sé bliana is fiche d'aois. Bhí a bhreithlá cúpla seachtain ó shin.

Cúpla bliain ó shin fuair sé tatú as Gaeilge ar a dheasóg a deir 'Is tú mo réalt eolaís'. Tá a chorp clúdaithe le tatúnna. Tá ceann eile air a deir 'Galway'. Agus anois ar a albam nua *DIVIDE* tá amhrán bríomhar nuasríofa aige darb ainm *Galway Girl*.

Tháinig an t-albam sin amach an tseachtain seo caite. Anuraidh chuir Ed iontas agus áthas orainn go léir nuair a chan sé aistriúchán de *Thinking out loud* (Ag Smaoineamh os Ard) ar dhlúthcheirníní Sheachtain na Gaeilge. Tá leagan Gaeilge den amhrán *Castle on a Hill* ag an ngrúpa *Seo Linn* ar fáil ar www.youtube.com.



Tá albam nua ag Ed Sheeran sna siopaí faoi láthair.



Katie Taylor ag troid arís

Bhí Katie Taylor ag troid i gcoinne Monica Gentili i Londain ag an deireadh seachtaine. Is dornálaí gairmiúil í Katie Taylor anois. Bhuaigh sí an troid seo sa chúigiú babhta.

Ar an oíche chéanna bhí David Haye agus Tony Bellew ag troid. Bhí an bua ag Tony Bellew, ach bhí níos mó spéise ag muintir na hÉireann i Katie Taylor ar ndóigh. Seans go mbeidh deis aici troid go luath chun áit mar churadh domhanda a bhaint amach.

Seachtain na Gaeilge 1-17 Márta 2017

Seo tús mhí an Mhárta agus mar sin tá Seachtain na Gaeilge ar siúl. Bíonn "SnaG" ar siúl gach bliain, ach bíonn an méid sin imeachtaí ar siúl as Gaeilge go maireann sé níos mó ná seacht lá. Anois cuirtear tús leis an bhféile Gaeilge seo ar Lá an Mhárta, agus leanann sé ar aghaidh go Lá Fhéile Pádraig.

Ar fud an domhain tá daoine ann a labhraíonn le chéile as Gaeilge ar an idirlíon go rialta. An CyberGhaeltacht an leasainm atá ar an spás nua ina bhfuil an teanga beo.

De ghnáth bíonn a lán imeachtaí Gaelacha ar siúl i scoileanna na tíre. Is minic a bhíonn céilí nó coirm ceoil, comórtas póstaer nó comórtas filíochta ar siúl iontu, mar shampla. Bíonn Lá Glas ar siúl ina lán scoileanna freisin.

Tá eolas ar fáil ar www.snaq.ie agus ar aip SnaG freisin.

